C/2026/498

27.1.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/498)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Štajersko prekmursko bučno olje’

Uimhir thagartha AE: PGI-SI-0418-AM01 — 29.10.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Štajersko prekmursko bučno olje’

2. **Cineál an Táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An tSlóivéin

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Teideal

Teideal An Aireacht Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Bhia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Meastar gur leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe toisc nach bhfuil i gceist leo athrú ar an ainm an táisc gheografaigh ná ar úsáid an ainm sin, nach bhfuil an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní agus nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Tuairisc ar an táirge

Tuairisc

Sa tsonraíocht, i roinn 1.2. Cur i láthair gairid an táirge, pointe 1.2.1 Cur i láthair an táirge, Tábla 1: Cuirtear tábla nua in ionad chomhdhéanamh fisiciceimiceach ‘Štajersko prekmursko bučno olje’.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tábla nua 1: Comhdhéanamh fisiciceimiceach ‘Štajersko prekmursko bučno olje’

Cion saoraigéid shailligh (mar aigéad oiléach) (%)	uasmhéid 3,0
Uisce agus substaintí so-ghalaithe eile (%)	uasmhéid 0,4
uimhir iaidín (gI/100 g)	99–125
ábhair neamh-inghallúnaithe (%)	suas le 1,2
Innéacs sárocsaíde (mmolO2/kg	uasmhéid 10,0
uimhir ghallúnaithe (mg KOH/g ola)	185-197
dlús (20 °C/20 °C)	0,916-0,923
comhéifeacht athraonta (nd 20 °C)	1,465-1,475
Comhdhéanamh aigéid shailligh (%):	
C14:0	ND-0.2
C16:0	6 - 16
C16:1	ND-0.3
C18:0	3 -16
C18:1	16 - 49
C18:2	32 - 58
C18:3	ND-1.0
C20:0	ND-1.0
C20:1	ND-0.5
C22:0	ND-0.3

Is é is cuspóir don leasú sin paraiméadair fhisiciceimiceacha áirithe ‘Štajersko prekmursko bučno olje’ a chur i gcomhréir le leasuithe ar an reachtaíocht náisiúnta sa réimse sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Lipéadú ‘Štajersko prekmursko bučno olje’

Tuairisc

Baineann an leasú ar an tsonraíocht leis an leasú ar Chaibidil 1.3 ‘Lipéadú “Štajersko prekmursko bučno olje”’ sa mhéid go scriostar leis an oibleagáid ‘Štajersko prekmursko bučno olje’ a lipéadú le lógó daite ‘Štajersko prekmursko bučno olje’.

Is é is cúis leis an scriosadh gurb é an lógó daite ‘Štajersko prekmursko bučno olje’ trádmharc comhchoiteann Golica GIZ (iarratasóir ar chlárú agus ar leasú) agus go n-úsáideann comhaltaí an chomhlachais sin é.

Ós rud é nach bhfuil ballraíocht in Golica GIZ éigeantach chun ‘Štajersko prekmursko bučno olje’ a tháirgeadh, bheadh sé míchuí ceangal a chur ar tháirgeoirí nach baill iad lógó daite an chomhlachais a úsáid.

Sa roinn chéanna, scriostar na focail ‘cé go bhfuil sé deonach an lipéad cáilíochta náisiúnta a thaispeáint’ freisin.

Is é is cúis leis an scriosadh go rialaítear úsáid an lipéid cáilíochta náisiúnta cheana féin leis an dlí náisiúnta agus go bhfuil úsáid an lipéid deonach.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Štajersko prekmursko bučno olje’

Uimhir thagartha AE: PGI-SI-0418-AM01 — 29.10.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Štajersko prekmursko bučno olje’

2. **Cineál an Táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An tSlóivéin

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

15 - SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A DTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA AINMHÍOCHA NÓ PLANDÚLA

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is ola phlandúil inite neamhscagtha é ‘Štajersko prekmursko bučno olje’ a tháirgtear trí shíolta puimcín ardcháilíochta rósta a fhaightear ó phuimcíní ola a fháscadh. Bíonn dath idir dúghlas agus dearg ar ‘Štajersko prekmursko bučno olje’ agus bíonn boladh agus blas aramatach sainiúil air. Bíonn comhdhéanamh maith aigéad sailleach aige: bíonn thart ar 20 % d’aigéid shailleacha sháithithe ann, thart ar 35 % d’aigéid shailleacha mhonai-neamhsháithithe agus thart ar 45 % d’aigéid shailleacha pholai-neamhsháithithe. Is foinse shaibhir tócaifearól é ‘Štajersko prekmursko bučno olje’ freisin, ós rud é go bhfuil thart ar 50 mg de vitimín E in aghaidh 100 g ola ann. Bíonn vitimíní eile, micreadhúile, caraitéanóidigh, aimínaigéid neamhchoitianta agus dathúchán nádúrtha (clóraifill) san ola freisin.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

Ní leagtar síos na cineálacha síolta puimcín chun ‘Štajersko prekmursko bučno olje’ a tháirgeadh. Úsáidtear síolta puimcín (*Cucurbita pepo*). Ní mór na síolta puimcín a bheith sláintiúil, aibí, glas dorcha agus saor ó aon bhlas nó ó aon bholadh coimhthíoch a thabharfadh athruithe díobhálacha le fios. Úsáidtear na paraiméadair fhisiciceimiceacha seo a leanas chun seiceáil a dhéanamh ar na síolta puimcín a ndéantar ‘Štajersko prekmursko bučno olje’ astu:

— láithreacht eisíontas, nach mó ná 1 %,

— cion taise, nach mó ná 9 %,

— íoschion ola: 40 %

— an cion uasta síolta a bhfuil damáiste déanta dóibh (caite, briste): 15 %.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim de phróiseáil síolta puimcín – fáil, stóráil, glanadh, triomú, meilt, rolladh, róstadh, fáscadh, dríodrú agus rialú cáilíochta (anailís fhisiciceimiceach agus anailís orgánaileipteach) – a dhéanamh laistigh den limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór a bheith in ann ‘Štajersko prekmursko bučno olje’ a rianú. Tá gach táirgeoir i dteideal a phacáistíocht agus a lipéad féin a úsáid. Mar sin féin, ní mór an t-ainm faoi chosaint ‘Štajersko prekmursko bučno olje’ a bheith ar an lipéad nó in áit eile ar an bpacáistíocht, mar aon le hainm na tíre tionscnaimh (an tSlóivéin) agus é scríofa i gcarachtair den mhéid céanna agus sa réimse radhairc céanna leis an ainm faoi chosaint, agus siombail an Aontais.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Tá an réigiún ina ndéantar ‘Štajersko prekmursko bučno olje’ as síolta puimcín teorannaithe ag líne a théann ó Dravograd go Slovenj Gradec, Mislinja agus Velenje (áit inarb é an príomhbhóthar an teorainn), Šoštanj, Mozirje, Nazarje, Vransko, Prebold, Zabukovica agus Laško. As sin téann an teorainn feadh aibhneacha Savinja agus Sava thar Radeče, Sevnica, Krško agus Brežice go Obrežje, agus ansin téann sí feadh na teorann náisiúnta leis an gCróit go dtí an teorainn náisiúnta leis an Ungáir, agus feadh na teorann náisiúnta leis an Ungáir chomh fada leis an teorainn náisiúnta leis an Ostair, agus ansin feadh na teorann náisiúnta leis an Ostair (chomh maith le raon Karavanke) ar ais go dtí Dravograd.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar

☑ cáil

☐ cáilíocht áirithe

☐ saintréithe eile an táirge

Achoimre ar an nasc

Is speisialtacht chócaireachta den limistéar geografach a leagtar amach i bpointe 4 é ‘Štajersko prekmursko bučno olje’. Is traidisiún de chuid Štajerska agus Prekmurje é ola síolta puimcín a tháirgeadh, mar a léirítear le taifid i scríbhinn ar bhunú an chéad fháisceán ola síolta puimcín in Fram chomh luath le 1750. Mar thoradh ar tháirgeadh mórscála síolta puimcín sa réigiún, cuireadh roinnt monarchana ar bun chun síolta puimcín a phróiseáil agus ola a dhéanamh astu trí mhodhanna ceardaíochta (Slovenska Bistrica, Središče ob Dravi, Selo pri Pragerskem, etc.). In 1904 bhunaigh Albert Stigar monarcha in Slovenska Bistrica chun síolta puimcín a phróiseáil agus ola síolta puimcín a dhéanamh astu trí mhodhanna ceardaíochta. Níl aon mhonarcha phróiseála mhór in Prekmurje, ach tá gléasraí beaga ar le feirmeoirí iad ann. Duine de na feirmeoirí sin is ea Feri Vučak in Vadarci in Goričko. Tá a mhuileann/ghléasra próiseála fós i mbun oibre ó bunaíodh é 130 bliain ó shin agus tá sé á oibriú anois ag an gceathrú glúin dá mhuintir. Tá cáil ‘Štajersko prekmursko bučno olje’ ag scaipeadh thar theorainn na Slóivéine chuig tíortha Eorpacha eile, SAM, an Astráil, an Rúis, etc., mar a léiríodh, *inter alia*, leis an ngradam a bhuaigh sé don táirge is nuálaí ag comórtas IFE07 (an t-imeacht idirnáisiúnta bia agus dí) i Londain in 2007.

Tagairt leictreonach (url) d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.gov.si/assets/ministrstva/MKGP/PODROCJA/HRANA/SHEME-KAKOVOSTI/SPECIFIKACIJE-EVROPSKA-KOMISIJA/SPBO_POTRJ_SPEC_september_25.pdf